Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

## FÓGRA FAOIN TOGRA I DTAOBH DRÉACHTPHLEAN LIMISTÉIR ÁITIÚIL AN GHOIRT 2025-2031 A DHÉANAMH

Tugtar fógra leis seo gur ullmhaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe, de bhun Alt 20 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), de bhun Airteagal 14 A-E de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta), 2004 (arna leasú), de bhun Airteagal 6 den Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) agus de bhun na Treorach maidir le hÉin (79/409/CEE) (arna leasú), agus de bhun Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (I.R. 477) na tuarascálacha seo a leanas i leith an Ghoirt: Dréachtphlean Limistéir Áitiúil, Plean Iompair Áitiúil, Tuarascáil um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Tuarascáil Tionchair Natura Chéim 2 ar mhaithe le Measúnacht Chuí a dhéanamh, agus Measúnacht Straitéiseach ar Phriacail Tuile.

Beidh an Dréachtphlean Limistéir Áitiúil, mar aon leis na tuarascálacha a luaitear thuas, ar taispeáint go poiblí agus féadfar breathnú orthu ón **Déardaoin an 9ú Eanáir 2025 go dtí 4pm an Déardaoin an 20ú Feabhra 2025 (gan an deireadh seachtaine ná laethanta saoire poiblí san áireamh)** ag na háiteanna seo a leanas:

- **An Oifig Pleanála, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh H91 H6KX** (Luan – Aoine, 9.00am 4.00pm)
- **Leabharlann An Ghoirt, Sráid na hEaglaise, Gort Inse Guaire H91 F5P8** (Céadaoin /Aoine 11.00am – 1.00pm agus 2.00pm – 5.00pm; Déardaoin 2.00pm – 5.00pm agus 6.00pm – 8.00pm; Satharn 11.00am – 1.00 pm agus 2:00 pm – 5.00 pm (dúnta ar an Domhnach, an Luan, agus an Mháirt)
- **Oifig Ceantair an Ghoirt, Sráid Crowe, Gort Inse Guaire, Co. na Gaillimhe H91 W7W5** (Luan – Aoine 9.00am – 1.00pm agus 2.00pm – 5.00pm)

Chomh maith leis sin, is féidir na doiciméid go léir a íoslódáil ó shuíomh gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe: https://consult.galway.ie/en/consultation/draft-gort-local-area-plan-2025-2031

Cuirfear san áireamh aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn maidir leis na doiciméid thuasluaite sula nglacfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe an Plean, ach iad a chur chuig an Údarás Pleanála le linn na tréimhse sin. Tá fáilte freisin roimh aighneachtaí nó tuairimí ó pháistí agus ó ghrúpaí nó cumainn a dhéanann ionadaíocht do leasanna páistí.

Ba cheart aighneachtaí nó tuairimí a dhéanamh i scríbhinn agus iad a sheoladh chuig:

'Plean Limistéir Áitiúil an Ghoirt', An Rannóg um Pleanáil Chun Cinn,
Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh. H91 H6KX.

**Nó** ar líne trí chuairt a thabhairt ar https://consult.galway.ie/ga/consultation/draft-gort-local-area-plan-2025-2031

**Nó** ar an ríomhphost chuig forwardplanning@galwaycoco.ie

**Is é Dé Déardaoin an 20ú Feabhra 2025 ag 4.00pm an dáta deiridh le haghaidh Aighneachtaí nó Tuairimí.**

**Ní ghlacfar le haighneachtaí déanacha.**

Bheimis buíoch díot ach d'aighneacht nó do thuairim a sheoladh trí mheán amháin, is é sin go leictreonach nó i gcóip chrua.

**Maidir le haighneacht nó tuairim a chur isteach, tabhair ar aird le do thoil:**

- Tá páistí nó grúpaí agus cumainn a dhéanann ionadaíocht do leasanna páistí i dteideal aighneachtaí nó tuairimí a dhéanamh maidir le cuspóirí beartais chun straitéis fhoriomlán a cheapadh maidir le pleanáil chuí a dhéanamh i limistéar an Phlean Limistéir Áitiúil agus forbairt inbhuanaithe a dhéanamh ann.
- Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise (arna leasú). Tabhair do d'aird le do thoil go bhfoilseofar ar líne gach aighneacht a gheofar, de réir cheanglais an Achta Pleanála.
- Ba cheart duit féachaint chuige nach n-áireofar san aighneacht uait aon fhaisnéis chráiteach, aon fhaisnéis chlúmhillteach ná aon fhaisnéis faoi rún, lena n-áirítear faisnéis faoi rún a bhaineann le tríú páirtí (nár thoiligh an tríú páirtí, go sainráite nó go hintuigthe sna cúinsí, lena nochtadh). Coimeádann an tÚdarás Pleanála chuige féin an ceart chun faisnéis a chur i bhfolach in aon aighneacht nó cuid d'aighneacht nach gcomhlíonann an ceanglas sin. Tabhair do d'aire le do thoil go bhfoilseofar an aighneacht ina hiomláine; tá Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi réir fhorálacha an Achta um Chosaint Sonraí (arna leasú) agus an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (RGCS). Chun cabhrú linn an tAcht um Chosaint Sonraí agus RGCS a chomhlíonadh, bíodh d'ainm agus do shonraí teagmhála (agus, nuair is cuí sin, sonraí aon eagraíochta, aon ghrúpa pobail nó aon chuideachta etc., a ndéanann tú ionadaíocht dó nó di), ar bhileog ar leithligh a bheidh ag gabháil leis an aighneacht nó an tuairim uait. Tá an phróiseáil sin ar do shonraí pearsanta dleathach faoi Airteagal 6(1)(e) den Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí. Tá Beartas Cosanta Sonraí na Comhairle ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle.
- Tabhair do d'aire gurb amhlaidh, de réir Alt 19 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2019, go bhfoilseofar gach aighneacht bhailí a gheobhaidh an Chomhairle ar shuíomh gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe laistigh de 10 lá oibre ón uair a gheobhaidh an Chomhairle í. Is próiseas oscailte, poiblí é an próiseas pleanála agus dá bhrí sin beidh d'aighneacht (nó cuid di) le feiceáil ar líne ag https://consult.galway.ie/ga. Cuirfear san áireamh gach tuairim nó aighneacht a gheofar le linn na tréimhse ama thuas sula ndéanfar Plean Limistéir Áitiúil An Ghoirt 2025-2031.
- Tá cóipeanna crua den Dréachtphlean Limistéir Áitiúil agus de na doiciméid ghaolmhara ar fáil le ceannach ón Rannóg Pleanála.

**Brústocaireacht**

Is cuid riachtanach den phróiseas daonlathach í an bhrústocaireacht. Cuireann an bhrústocaireacht ar a gcumas do shaoránaigh agus eagraíochtaí a dtuairimí ar bheartas poiblí agus ar sheirbhísí poiblí, amhail criosú i ndáil le talamhúsáid, a chur in iúl do pholaiteoirí agus d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí (Oifigigh Phoiblí ainmnithe) nó déanann sí é sin a éascú. Má bhíonn tú i mbun brústocaireachta, b'fhéidir go mbeidh ort:

Clárú ar shuíomh gréasáin an Chláir Brústocaireachta atá á reáchtáil ag an gCoimisiún um Chaighdeáin: www.lobbying.ie

Faisnéis a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoi do ghníomhaíochtaí brústocaireachta trí huaire sa bhliain. Téigh chuig www.lobbying.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

An fhaisnéis phearsanta (sonraí) a bhailítear le linn an phróisis comhairliúcháin (a bhféadfadh sonraí pearsanta íogaire a bheith san áireamh léi), bailítear í chun críche aighneachtaí a fháil agus déileáil leo agus tá aon sonraí a bhailítear faoi réir ráiteas príobháideachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ráiteas atá ar fáil ag https://www.galway.ie/ga/seirbhisi/chomhairle/raiteaspriobhaideacht/

**SEISIÚN BUAIL ISTEACH I gCOMHAIR COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ**

Fáiltíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe romhat ag seisiún buail isteach i gcomhair comhairliúchán poiblí maidir le Dréachtphlean Limistéir Áitiúil An Ghoirt 2025-2031 a bheidh ar siúl:

**Dé Céadaoin an 5 ú Feabhra 2025 ó 2.30pm go 7.30pm – Óstán the Lady Gregory Hotel, Bóthar na hInse, An Gort, Cloonnahaha, Contae na Gaillimhe, H91 KN2N)**

**SEIMINEÁR GRÉASÁN FAOIN gCOMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ**

Ina theannta sin, beidh Seimineár Gréasáin Poiblí ar siúl **Céadaoin an 12ú Feabhra 2025 ó 6.00pm go 7.00pm**

Tá sonraí maidir le clárú don seimineár gréasáin ar fáil ar: https://consult.galway.ie/ga/consultation/draft-gort-local-area-plan-2025-2031

**Sínithe: L. Hanrahan, Stiúrthóir Seirbhísí, Forbairt & Pleanáil Gheilleagrach.**

## NOTICE OF THE PROPOSAL TO MAKE THE DRAFT GORT LOCAL AREA PLAN 2025-2031

Notice is hereby given that Galway County Council pursuant to Section 20 of the Planning and Development Act 2000 (as amended), Article 14 A-E of the Planning & Development (Strategic Environmental Assessment) Regulations, 2004 (as amended), Article 6 of the EU Habitats Directive (92/43/EEC) and the Birds Directive (79/409/EEC) as amended, and the European Communities (Birds and Natural Habitats) Regulations, 2011 (S.I. 477) has prepared a Draft Local Area Plan (LAP), Local Transport Plan (LTP), a Strategic Environmental Assessment (SEA) Environmental Report, an Appropriate Assessment (AA) Stage 2 Natura Impact Report and also a Strategic Flood Risk Assessment (SFRA) for Gort.

The Draft Local Area Plan along with the reports outlined above will be on public display and may be inspected from **Thursday 9th January 2025 to 4pm Thursday 20th February 2025 (excluding weekends and public holidays)** at the following locations:

- **Planning Office, Áras an Chontae, Prospect Hill, Galway H91 H6KX** (Monday – Friday 9.00am – 4.00pm)
- **Gort Library, Church Road H91 F5P8** (Wednesday /Friday 11.00am – 1.00pm & 2.00pm – 5.00pm; Thursday 2.00pm – 5.00pm & 6.00pm – 8.00pm; Saturday 11.00am – 1.00pm & 2.00pm – 5.00pm; (closed Sunday, Monday, Tuesday)
- **Gort Area Office, Crowe St, Gort, Co. Galway H91 W7W5** (Monday – Friday 9.00am – 1.00pm & 2.00pm – 5.00pm)

All documents are also available to download from Galway County Council's website: https://consult.galway.ie/en/consultation/draft-gort-local-area-plan-2025-2031

Written submissions or observations in respect of the Draft LAP, LTP, the SEA Environmental Report, AA Natura impact Report and Strategic Flood Risk Assessment (SFRA) for Gort made to the Planning Authority during such period will be taken into consideration before the Plan is adopted by Galway County Council. Submissions or observations are also welcome from children, or groups or associations representing the interests of children.

Submissions or observations should be made in writing and addressed to:

'Gort Local Area Plan', Forward Planning Section,
Galway County Council, Áras an Chontae,
Prospect Hill, Galway. H91 H6KX.

Or online by visiting https://consult.galway.ie/en/consultation/draft-gort-local-area-plan-2025-2031

Or sent by email to forwardplanning@galwaycoco.ie

**Closing Date for Submissions or Observations is Thursday 20th February 2025 at 4.00pm.**

**Late Submissions will not be accepted.**

Please send your submission/observation through one medium only, either in writing, or electronically.

**In respect of making a submission or observation please note the following:**

- Children or groups and associations representing the interests of children are entitled to make submissions or observations regarding policy objectives to deliver an overall strategy for the proper planning and sustainable development of the area of the LAP.
- Galway County Council is subject to the provisions of the Freedom of Information (FOI) Act (as amended). Please be advised that all submissions received will be published online in accordance with the requirements of the Planning Act.
- You should ensure that no vexatious, libellous or confidential information, including confidential information relating to a third party (in respect of which the third party has not, expressly, or impliedly in the circumstances, consented to its disclosure) is included in your submission. The Planning Authority reserves the right to redact any submission or part thereof that does not comply with this requirement. Please be advised that the submission will be published in full; Galway County Council is subject to the provisions of the Data Protection Act (as amended) and General Data Protection Regulation (GDPR). In order to assist us in complying with Data Protection and GDPR please include your name and contact details (and where relevant, details of any organisation, community group or company etc., which you represent), on a separate sheet to the content of your submission/ observation. This processing of your personal data is lawful under Article 6 (1)(e) of the GDPR regulations. The Council's Data Protection Policy is available on the Council website.
- Please note that in accordance with Section 19 of the Planning and Development (Amendment) Act, 2019 all valid submissions received by the Council shall be published on the Galway County Council website within 10 working days of its receipt by the Council. The planning process is an open and public process and therefore your submission (in part or in total) will be available to view online at https://consult.galway.ie/. All observations or submissions received during the above time period will be taken into consideration before the making of the Gort Local Area Plan 2025 – 2031.
- Hard copies of the Draft LAP and associated documentation are available for purchase from the Planning Department.

**Lobbying**

Lobbying is an essential part of the democratic process. It enables or facilitates citizens and organisations to make their views on public policy and public services such as land-use zoning known to politicians and public servants (designated Public Officials). If you are involved in lobbying, you may need to:

Register on the Register of Lobbying website which is maintained by Standards Commission: www.lobbying.ie

Provide information to the Standards Commission about your lobbying activities three times a year.

Please visit www.lobbying.ie for more information.

The personal information (data) collected during the consultation process (which may include the collection of sensitive personal data) is collected for the purpose of receiving and dealing with submissions and any data collected is subject to Galway County Council's privacy statement which can be found at http://www.galway.ie/en/services/yourcouncil/privacystatement/

**PUBLIC CONSULTATION DROP-IN SESSION**

Galway County Council invites you to attend a public consultation drop-in session on the Draft Gort Local Area Plan 2025-2031 to take place on:

**Wednesday 5th February 2025 at 2.30pm – 7.30pm – The Lady Gregory Hotel, Ennis Rd, Cloonnahaha, Gort, Co. Galway, H91 KN2N)**

**PUBLIC CONSULTATION WEBINAR**

In addition, a Public Webinar event will take place on **Wednesday 12th February 2025 6.00pm – 7.00pm**

Webinar Registration Details will be available on https://consult.galway.ie/en/consultation/draft-gort-local-area-plan-2025-2031

**Signed: L. Hanrahan, Director of Services, Planning and Economic Development.**

**Tá míle fáilte roimh chomhfhreagras agus ghnó i nGaeilge: gaeilge@cocogaillimh.ie www.gaillimh.ie**

customerservices@galwaycoco.ie www.galway.ie @GalwayCoCo

*J. Brann, Rúnaí Contae*